



An Bhruiséil, 23 Samhain 2020
(OR. en)

13091/20

LIMITE

EF 296
ECOFIN 1067
CCG 48
DRS 35
CODEC 1177
JAI 991
JUSTCIV 127
COMPET 569
EMPL 518
SOC 720

Comhaid Idirinstiúideacha:

2010/0207(COD)
2011/0295(COD)
2015/0270(COD)
2016/0360(COD)
2016/0361(COD)
2016/0362(COD)
2016/0363(COD)
2016/0364(COD)
2018/0060(COD)
2018/0063(COD)
2020/0066(COD)

TUARASCÁIL

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe
Ábhar:	Tuarascáil ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht maidir le Neartú an Aontais Baincéireachta

Tuarascáil ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht maidir le Neartú an Aontais Baincéireachta

I. Réamhrá

De bhun na gconclúidí ón gComhairle maidir le **Treochlár chun an tAontas Baincéireachta a chomhlánú**, mar a ghlac an Chomhairle iad an 17 Meitheamh 2016 (10460/16, "Treochlár Mheitheamh 2016"), lean an Chomhairle den obair le linn Uachtaránacht na Gearmáine chun an tAontas Baincéireachta a neartú agus d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le laghdú riosca.

Cuireadh chun suntais sa phlé a rinneadh i mí na Nollag 2019 sa **Ghrúpa Euro agus sa Chruinniú Mullaigh Euro** (ag teacht le chéile dóibh i bhformáid chuimsitheach) gur gá leanúint den obair ar gach eilimint a bhaineann leis an Aontas Baincéireachta a neartú a thuilleadh ar bhonn comhthola, agus é mar aidhm filleadh ar na saincheisteanna sin arís i mí an Mheithimh 2020.

Agus é á chur san áireamh gur cruthaíodh an tAontas Baincéireachta mar fhreagairt ar an ngéarchéim airgeadais, ba cheart príomhphrionsabail threoracha an Aontais Baincéireachta a chur san áireamh, i.e. an fáinne fí idir na bainc agus fiachas ceannasach a bhí i gcroílár na géarchéime a bhriseadh, lena n-áiríteofar go mbeidh an earnáil baincéireachta sa limistéar euro agus san Aontas uile slán iontaofa agus go réiteofar bainc neamh-inmharthana gan leas a bhaint as airgead na gcáiníocóirí agus lena laghad tionchar is féidir a imirt ar an bhfíorgheilleagar, agus cobhsaíocht airgeadais á choimirciú ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát.

I mí an Mheithimh 2020, i lár phaindéim COVID-19, aithníodh ag cruinniú den Ghrúpa Euro a tionóladh i bhformáid chuimsitheach gur rannchuidigh cruthú an Aontais Baincéireachta go mór le hearnáil baincéireachta níos athléimní a áirithiú, agus comhaontaíodh gur neartaigh an ghéarchéim an cás chun an tAontas Baincéireachta a chomhlánú. D'iarr sé ar a n-ionadaithe filleadh ar an obair chun **an tAontas Baincéireachta a neartú a thuilleadh ar bhealach iomlánaíoch**, a luaithe is féidir.

Agus í ag cloí leis an gcur chuige iomlánaíoch sin, cheap Uachtaránacht na Gearmáine clár oibre na **Meithle Ad Hoc um Neartú an Aontais Baincéireachta** (AHWP, 5006/16), a phléigh, ar an leibhéal teicniúil, i **gceithre chruinniú neamhfhoirmiúla le linn Uachtaránacht na Gearmáine**, na heilimintí a measadh a bheith bunriachtanach chun an tAontas Baincéireachta a neartú, eadhon:

- bearta a ceapadh chun bainistiú géarchéime a fheabhsú,
- níos mó comhtháthaithe a dhéanamh ar earnáil baincéireachta an Aontais agus an cheist maidir le cothromaíocht bhaile-óstach,
- láimhseáil rialaitheach neamhchosaintí ceannasacha, agus
- plé teicniúil ar na gnéithe dearaidh de scéim Eorpach árachais taiscí (SEÁT) ar bhonn na samhla hibridí mar a thugtar uirthi.

Bhí an plé sin gan dochar do thoradh na caibidlíochta polaitiúla maidir leis an Aontas Baincéireachta a neartú a thuilleadh.

Rinneadh clár oibre na meithle *ad hoc* a chomhordú go dlúth le clár oibre na Meithle Ardleibhéil maidir le SEÁT (HLWG) agus Shainghrúpa an Choimisiúin maidir le Baincéireacht, Íocaíochtaí agus Árachas (EGBPI).

Sa tuarascáil seo ar dhul chun cinn, tugtar achoimre ar an staid mar atá, mar a pléadh ag na ceithre chruinniú a luaitear thuas agus a ullmhaíodh faoi fhreagracht Uachtaránacht na Gearmáine, agus na barúlacha a chuir comhaltaí AHWP in iúl á gcur san áireamh. Beartaítear léi leanúnachas a chur ar fáil agus cúram na hUachtaránachta nua a éascú, agus níor cheart a mheas go mbeidh sí ina ceangal ar na toscaireachtaí, mar gurb ionann í agus measúnú na hUachtaránachta ar thoradh an phlé a rinneadh¹.

Trí chuid atá sa tuarascáil: Is í Roinn II an chuid is fairsinge den tuarascáil, cuid lena gcumhdaítear na heilimintí thuasluaite atá riachtanach chun an tAontas Baincéireachta a neartú. I Roinn III, pléitear leis an athbhreithniú ar an gcreat bainistithe géarchéimeanna baincéireachta agus árachais taiscí agus i Roinn IV, pléitear le faireachán ar laghdú riosca, go háirithe gníomhaíocht chun dul i ngleic le hiasachtaí neamhthuillmheacha.

II. Eilimintí a mheastar a bheith bunriachtanach chun an tAontas Baincéireachta a neartú

II.1 Creat bainistithe géarchéime

Tá dhá sheisiún oibre tiomnaithe ag an Uachtaránacht don phlé maidir leis an gcreat bainistithe géarchéime do na bainc a neartú. Pléadh an méid seo a leanas ag an **gcéad chruinniú ar an 13 Iúil**:

- **an idirghníomhaíocht idir cumhachtaí maoirseachta faoin Treoir maidir le Riachtanais Chaipítíl (CRD) agus cumhachtaí luath-idirghabhála faoin Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc (BRRD), agus**

¹ Cuireadh an dul chun cinn a rinneadh roimhe seo i láthair i dtuarascálacha ar dhul chun cinn arna n-ullmhú ag Uachtaránachtaí na hÍsiltíre (10036/16), na Slóvaice (14841/16), Mhálta (9484/17), na hEastóine (14808/17), na Bulgáire (9819/18), na hOstaire (14452/18), na Rómáine (9729/19 ADD1), na Fionlainne (14354/19 REV1) agus na Cróite (8335/20 ADD1).

- ceisteanna a bhaineann le **truicir a úsáidtear lena mheas an bhfuil bainc i mbéal cliseadh nó ar dóigh dóibh cliseadh (FOLTF)** agus arbh fhiú iad a ailíniú leis na truicir fhéimheachta faoi chreataí dócmhainneachta náisiúnta.

Ina theannta sin, chuir an Uachtaránacht páipéar leathoifigiúil ar fáil ina leagtar amach na buntuiscentí a mheastar a bheith ríthábhachtach agus na leasuithe a dhéanfar amach anseo ar ordlathas creidiúnaithe á bplé (e.g. trédhearcacht agus intuarthacht do chreidiúnaithe). Ba é cuspóir an pháipéir leathoifigiúil sin an bealach a réiteach do phlé níos mionsonraithe ar leasuithe faoi leith ar ordlathas creidiúnaithe ag cruinniú de AHWP i mí Mheán Fómhair.

Idirghníomhaíocht idir cumhachtaí maoirseachta faoi CRD agus cumhachtaí luath-idirghabhála faoi BRRD

A mhéid a bhaineann leis an idirghníomhaíocht idir cumhachtaí maoirseachta faoi CRD agus **cumhachtaí luath-idirghabhála** faoi BRRD, mheas formhór na mBallstát gurbh fhiú fáil réidh leis an bhforluí atá sna creataí rialála faoi seach faoi láthair, a bhfuil an baol ann dá bharr go gcuirfí úsáid iomchuí na n-uirlisí i gcontúirt leo. Bhí tuairimí éagsúla ann maidir le cé acu a bheadh nó nach mbeadh tionchar níos measa ag a n-úsáid dá ndéanfaí bearta mar sin a lipéadú mar bhearta luath-idirghabhála faoin Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc, agus an bhféadfadh an lipéadú sin oibleagáidí maidir le nochtadh poiblí a spreagadh faoin Rialachán maidir le Drochúsáid Mhargaidh. Thug an Coimisiún soiléiriú ag an gcruinniú nach bhfuil aon difríocht ann ó thaobh oibleagáidí an Rialacháin maidir le Drochúsáid Mhargaidh de idir bearta maoirseachta agus bearta luath-idirghabhála. Thairis sin, den chuid is mó, bhí na Ballstáit i gcoinne truicir chainníochtúla a shainiú do chumhachtaí luath-idirghabhála nó scála soiléir géaraithe a bheith acu agus bhí siad i bhfabhar, ina ionad sin, níos mó lánrogha a thabhairt do na húdaráis mhaoirseachta. D'iarr Ballstát amháin tuilleadh soiléireachta chun na torthaí éagsúla a d'fhéadfadh teacht as cur i bhfeidhm na mbeart luath-idirghabhála agus na gcumhachtaí maoirseachta araon, ar bhealaí éagsúla, a thuiscint, trí chásanna a fhorbairt chun réimsí a shainaitheint ina bhféadfaí sruthlíniú a dhéanamh.

Mar sin féin, bhí tacaíocht ann i gcoitinne do bhearta lena ndéanfaí an bosca uirlisí atá ar fáil do na húdaráis mhaoirseachta a ailíniú. Mheas formhór na mBallstát mar sin, gur bealach réasúnach chun tosaigh é na bearta maoirseachta agus na cumhachtaí luath-idirghabhála a chumasc sa Rialachán maidir le Sásra Aonair Maoirseachta (RSAM) agus sa CRD. Chomh maith leis sin, luadh an tábhacht a bhaineann le comhordú a áirithiú idir maoirseoirí agus údaráis réitigh. Thacaigh BCE agus roinnt Ballstát leis an bhforluí idir bearta luath-idirghabhála agus bearta maoirseachta a bhaint trí na bearta luath-idirghabhála sin atá ar fáil cheana féin sa Treoir maidir le Riachtanais Chaipitil agus sa Rialachán maidir leis an Sásra Aonair Maoirseachta a scríosadh ón Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc, de bhrí go mbeadh athruithe teoranta i gceist leis sin, agus go dtabharfaí soiléireacht leis faoin idirghníomhaíocht leis an údarás réitigh.

Maidir leis an Sásra Aonair Maoirseachta (SAM), ar an iomlán, tacaíodh le bunús dlí a bheadh infheidhme go díreach a thabhairt don Bhanc Ceannais Eorpach (BCE) chun cumhachtaí maoirseachta agus luath-idirghabhála a chur i bhfeidhm. Sa chomhthéacs sin, chuir BCE in iúl go bhféadfadh moill a bheith i gceist le leasú a dhéanamh ar RSAM i gcomparáid le leasú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc agus ar an Rialachán maidir leis an Sásra Réitigh Aonair (RSRA), moill a mbeadh bunús dlí a bheadh infheidhme go díreach fós in easnamh ag BCE lena linn. Ós rud é gur gá an tsaincheist sin a réiteach go gasta, chuir BCE in iúl go bhféadfadh sé go mbeadh sé níos éifeachtúla an Rialachán maidir leis an Sásra Réitigh Aonair (RSRA) a leasú mar gur féidir leasuithe ar RSRA a ghlacadh faoin ngnáthnós imeachta reachtach gan gá le haontoilíocht (murab ionann agus leasuithe ar RSAM).

D'admhaigh an **Uachtaránacht** go raibh formhór na mBallstát den tuairim **gur cheart** bearta maoirseachta agus cumhachtaí luath-idirghabhála **a chumasc** faoi RSAM/CRD. Is é an Coimisiún atá i mbun obair theicniúil ar mhaithe le togra reachtach a bhaint amach in am trátha.

Idirghníomhaíocht idir a chinneadh an bhfuil bainc i mbéal cliseadh nó ar dóigh dóibh cliseadh agus truícir maidir le dócmhainneacht náisiúnta a chinneadh

Measadh i gcoitinne, a mhéid a bhaineann leis an idirghníomhaíocht idir a chinneadh an bhfuil bainc i mbéal cliseadh nó ar dóigh dóibh cliseadh agus truícir maidir le dócmhainneacht náisiúnta a chinneadh, go mbeadh sé riachtanach truícir maidir le dócmhainneacht náisiúnta a ailíniú chun nach bhfágfaí bainc idir dhá cheann na meá, eadhon go ndéanfaí bainc a mbeadh measúnú diúltach ar leas an phobail acu a dhearbhu mar bhainc i mbéal cliseadh nó ar dhóigh dóibh cliseadh ach nach bhfuil na critéir dhócmhainneachta faoi na creataí náisiúnta dócmhainneachta á gcomhlíonadh acu. I gcás roinnt Ballstát, áfach, dá ndéanfaí na truícir maidir le dócmhainneacht náisiúnta a ailíniú, thiofadh saincheisteanna suntasacha bunreachtúla agus praiticiúla chun cinn agus ní mheastar, dá bhrí sin, gur rogha inghlactha é ailíniú a dhéanamh.

Mar sin féin, chuir roinnt Ballstát in iúl go bhféadfaí an tsaincheist seo a réiteach trí Airteagal 32b BRRD2 nua a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta. Bainc a dhearbhaítear mar bhainc i mbéal cliseadh nó ar dóigh dóibh cliseadh ach nach mbeadh réiteach na mbanc sin chun leas an phobail, ceanglaítear leis an airteagal seo go ndéanfar iad "a fhoirceannadh go hordúil i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme".

Ina leith sin, comhaontaíodh go ginearálta go **n-áiritheofaí** leis an tagairt san fhoráil don choincheap "foirceannadh" **go bhfágfadh bainc i mbéal cliseadh an margadh**, cé go raibh tuairimí éagsúla fós ann maidir leis na nósanna imeachta agus na hamlínte ba ghá cloí leo agus an margadh á fhágáil. Go suntasach, bhí a lán Ballstát den tuairim nach gá aon chineál uathoibríochta a bheith ann idir cinneadh go bhfuil bainc i mbéal cliseadh nó ar dóigh dóibh cliseadh agus tionscnamh na n-imeachtaí dócmhainneachta foirmiúla, go háirithe ós rud é go n-áirítear le bainc i mbéal cliseadh nó ar dóigh dóibh cliseadh an cás nach bhfuil ann ach an dóchúlacht go gclisfidh ar an mbanc, ach gan é a bheith dócmhainneach mar sin, nó ní bhaineann saincheist na dócmhainneachta le bainc i mbéal cliseadh nó ar dóigh dóibh cliseadh ar chor ar bith. Mar sin féin, bhí formhór na mBallstát i bhfabhar an choincheapa dhlíthiúil nach sainmhínítear go beacht in Airteagal 32b BRRD2, amhail an bhrí atá le "foirceannadh", a shoiléiriú. Rinne roinnt Ballstát na hidirghníomhaíochtaí idir bainc i mbéal cliseadh nó ar dóigh dóibh cliseadh agus aistarraingtí ceadúnas bainc éireachta a thabhairt chun suntais freisin agus dar leo d'fhéadfaí cumhacht lánroghnach d'aistarraingt den sórt sin a mheas mar chumhacht úsáideach ina leith sin. Shoiléirigh BCE nach bhfuil na coinníollacha maidir le ceadúnas a aistarraingt ailínithe leis na coinníollacha do bhainc i mbéal cliseadh nó ar dóigh dóibh cliseadh ach an oiread. Bheadh leasú ar an gcreat dlíthiúil ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin.

Tháinig an **Uachtaránacht** ar an gconclúid gur cheart a admháil gur cuid den athchóiriú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an gcreat bainistithe géarchéime é an plé cuimsitheach ar ábhair a bhaineann le bainc i mbéal cliseadh nó ar dóigh dóibh cliseadh agus le truícir maidir le dócmhainneacht. Ba dhíol sásaimh do na Ballstáit an obair theicniúil bhreise atá á déanamh ar leibhéal an Choimisiúin d'fhonn togra reachtach a ullmhú in am trátha.

Dhírigh AHWP ar an méid seo a leanas ag **an dara cruinniú a bhí ar siúl an 18 Meán Fómhair**:

- **ordlathas creidiúnaithe**, agus
- **an creat bainistithe géarchéime do bhainc bheaga.**

Leasuithe spriocdhírthe ar ordlathas creidiúnaithe

Chomhaontaigh formhór na mBallstát go mbeadh tairbhe ag baint le **cur chuige spriocdhírthe** maidir le **hordlathas creidiúnaithe** a chomhchuihbhiú. Mhol an Uachtaránacht cur chuige den chineál sin sa pháipéar leathoifigiúil uaidh chun nach ndéanfaí athruithe forleathana ar chórais dócmhainneachta - cur chuige a bhféadfadh a raon feidhme dul níos faide ná saincheisteanna a bhaineann le bainc. Ina ionad sin, díriodh ar na réimsí sin a d'fhéadfadh a bheith ábhartha chun críocha réitigh bainc, agus aird faoi leith á tabhairt ar an bprionsabal "creidiúnaí ar bith níos measa as".

Ní raibh na Ballstáit ar aon tuairim, áfach, faoi na réimsí sonracha ina mbeadh gá le comhchuihbhiú agus faoina mbeadh i gceist le cur chuige comhchuibhithe, go háirithe maidir le rangú na dtaiscí agus na ndliteanas a eisiatar ón bhforharrtháil inmheánach.

A mhéid a bhaineann le **rangú taiscí**, bhí formhór na mBallstát i bhfabhar tosaíocht ghinearálta "measartha" do thaisceoirí bunaithe ar chur chuige srathach. Faoi thosaíocht ghinearálta mheasartha do thaisceoirí, tabharfar rangú níos airde do gach éileamh ó thaisceoirí ná mar a thabharfaí d'éilimh ó ghnáthchreidiúnaithe gan urrús. Ina theannta sin, i gcóras srathach tosaíochta do thaisceoirí, tugtar rangú níos airde do thaiscí faoi chumhdach ná mar a thugtar do thaiscí incháilithe do dhaoine nádúrtha agus FBManna atá os cionn leibhéal cumhdaigh na scéime ráthaithe taiscí, ach fós féin, tugtar rangú níos airde do thaiscí eile ná mar a thugtar do dhliteanais shinsearacha eile². I bhfianaise an mhéid sin, chuir na Ballstáit i dtreis a thábhachtaí atá sé rangú sárthosaíochta na dtaiscí faoi chumhdach a choimeád, ar rangú é lena ndéantar cistiú leordhóthanach a choimirciú ionas go gcomhlíonfar feidhmeanna lárnacha na Scéimeanna náisiúnta Ráthaithe Taiscí (SRTanna). Maidir le 'taiscí eile' (e.g. taiscí móra corparáideacha agus taiscí neamh-incháilithe), níl trácht déanta ag formhór na mBallstát maidir lena cheart rangú níos airde a thabhairt do na taiscí sin ná mar a thugtar do dhliteanais shinsearacha, mar a thugtar le tuiscint leis an tosaíocht ghinearálta mheasartha do thaisceoirí, nó ar cheart iad a rangú mar *pari passu* le dliteanais shinsearacha eile.

Níor chuir ach líon beag Ballstát i gcoinne choincheap na tosaíochta srathaí do thaisceoirí. Bhí na Ballstáit sin i bhfabhar cur chuige ina rangáitear gach taisce faoi chumhdach agus gan chumhdach mar an gcéanna (rangú *pari passu*) ar an mbonn go méadófar leis sin raon feidhme airgeadais SRTanna chun na bearta eile a mhaoiniú sa bhreis ar eisíocaíocht mar chuid de chóras leachtaithe ordúil de chuid an Aontais atá dírithe ar uirlis a chur ar fáil chun bainistiú a dhéanamh ar ghéarchéim na mbanc nach n-éiríonn leo sa tástáil maidir le leas an phobail.

² Mhol BCE an cur chuige sin sa tuairim uaidh an 8 Márta 2017 (CON/2017/6).

Tharla sé go raibh deacracht ag baint leis an bplé ar **rangú na ndliteanas a eisiatar ó fhortharrtháil inmheánach** agus ar an idirghníomhaíocht a bhí acu le dliteanais eile amhail taiscí nó dliteanais urraithe. Léirigh na Ballstáit go leor fadhbanna ar cheart machnamh breise a dhéanamh orthu. Maidir le dliteanais chánach, mar shampla, chuir roinnt Ballstát in iúl go raibh inmí orthu an ndéanfaí na dliteanais sin a íoc roimh thaiscí faoi chumhdach nó éilimh SRT. Ina fhianaise sin, chuir líon suntasach Ballstát in iúl gurbh fhearr leo nach ndéanfaí ach roinnt de na dliteanais sin, ach ní gach ceann díobh, a chomhchuíbhíú. Bhí tacaíocht ann na dliteanais eisiata a ghrúpáil ar bhonn cúiseanna eisiaimh. D'iarr Ballstáit eile go nglacfaí dearcadh uile-ghrúpa, lena dtacófaí le réiteach bunaithe ar chur chuige an "phointe iontrála aonair" (SPE) agus tagairt á déanamh d'aicmiú dliteanas laistigh de ghrúpa.

D'aithin an **Uachtaránacht** go raibh formhór na mBallstát den tuairim gur obair dhírithé ba cheart a bheith i gceist le haon obair leantach ar ordlathas creidiúnaithe, agus béim ar leith á leagan ar anailís a dhéanamh ar na dliteanais sin a eisiatar ó fhortharrtháil inmheánach ar cheart rangú comhchuíbhithe a fháil ina leith. Creideann an Uachtaránacht go bhfuil gá le tuilleadh oibre teicniúla ar rangú dliteanas nach n-áirítear ó fhortharrtháil inmheánach, lena n-áirítear maidir leis an gcaoi a bhféadfaí an rangú a chur i bhfeidhm in éineacht le fabhar measartha ginearálta taisceora a bheadh bunaithe ar chur chuige cisealta, arb é an rogha is fearr i roinnt mhaith Ballstát é. Dhearbhaigh an Coimisiún go bhfuil rún aige leanúint den obair theicniúil ar an mbonn sin.

Creat bainistithe géarchéime do bhainc bheaga

Bhí an plé ar cheapadh an chreata bainistithe géarchéime do bhainc bheaga bunaithe ar cheithre rannchuidiú:

- cur i láthair ón mBord Réitigh Aonair maidir lena chur chuige i leith an mheasúnaithe ar leas an phobail;
- páipéar leathoifigiúil ón Uachtaránacht maidir le córas leachtaithe tiomnaithe le haghaidh bainc atá i mbéal cliseadh nó ar dóigh dóibh cliseadh ach a bhfuil measúnú diúltach ar leas an phobail acu ("córas leachtaithe bainc an Aontais");
- páipéar leathoifigiúil comhpháirteach ó FI, FR agus NL, ina bpléitear bearta spriocdhírithé maidir le feabhas a chur ar an gcreat bainistithe géarchéime do gach banc, lena n-áirítear an measúnú ar leas an phobail agus rialú Stáitchabhrach;
- cur i láthair ón bhFóram Eorpach um Árachóirí Taiscí (EFDI) maidir lena thaithí phraiticiúil leis an tástáil is lú costas.

Tá an creat bainistithe géarchéime reatha dénrtha: ní ghníomhaíonn an t-údarás réitigh ach amháin nuair is chun leas an phobail réiteach bainc faoi seach, agus bíonn gach cás eile faoi réir imeachtaí dócmhainneachta náisiúnta, rud a fhágann gur féidir gníomhaíochtaí éagsúla a shaothrú ar bhonn náisiúnta. Dá bhrí sin, braitheann an rogha idir leachtú faoi na córais náisiúnta dócmhainneachta agus réiteach faoin gcóras réitigh ar thoradh an mheasúnaithe ar leas an phobail. I bhfianaise an mhéid sin, chuir an Bord Réitigh Aonair (**BRA**) soiléirithe éagsúla ar fáil maidir lena chur chuige i leith an **mheasúnaithe ar leas an phobail** faoin sásra réitigh aonair:

- Ar an gcéad dul síos, is é BRA an t-údarás réitigh le haghaidh 128 banc/grúpa baincéireachta, lena n-áirítear na bainc is mó a fheidhmíonn san aontas baincéireachta, bainc a bhfuil tábhacht shistéamach leo agus grúpaí trasteorann áirithe. I gcás na mbanc sin, bíonn BRA ag súil agus ag pleanáil go ginearálta le huirlisí réitigh a úsáid seachas leachtú a dhéanamh faoi na córais náisiúnta dócmhainneachta faoi seach.
- Ar an dara dul síos, cuirtear san áireamh sa mheasúnú ar leas an phobail na cúinsí is infheidhme tráth a bhfuil ag cliseadh ar an mbanc nó ar dócha go gclisfidh air, i.e. déanann BRA an timpeallacht eacnamaíoch a mheas freisin agus déantar measúnú ar thionchar an réitigh i gcoinne na dócmhainneachta ag an bpointe sonrath ama sin, agus déantar athmheasúnú ar an tionchar a bheadh ag cliseadh an bhainc ar na cuspóirí réitigh.
- Ar an tríú dul síos, d'fhéadfadh torthaí éagsúla a bheith ar an measúnú ar leas an phobail mar thoradh ar dhifríochtaí i nósanna imeachta náisiúnta dócmhainneachta. Dá bhrí sin, ba mhór an chabhair comhchuibhiú na nósanna imeachta náisiúnta dócmhainneachta i ndáil leis sin.
- Ar deireadh, mhínigh BRA go bhfuil tuilleadh oibre beartaithe ar réimsí tiomnaithe i gcomhar le húdaráis rialála náisiúnta. Díreofar go príomha ar theagmhais shistéamacha, feidhmeanna criticiúla a mhionchoigeartú, anailís a dhéanamh ar an leibhéal réigiúnach agus taiscí faoi chumhdach a chosaint.

Léirigh BRA gurb é an "cás bunlíne" ag an gcuid is mó de na bainc i bhformhór na mBallstát i gcás géarchéime é leachtú a dhéanamh faoi chórais dócmhainneachta náisiúnta – i bhfianaise an lín mhóir banc san Aontas Eorpach, arb ionann é agus thart ar 3 000.

Maidir leis na bainc sin, mhol an Uachtaránacht sa pháipéar leathoifigiúil uathí, "**córas leachtaithe bainc an Aontais**", ina mbeadh uirlisí leachtaithe speisialta agus lena gceadófaí úsáid chomhchuibhithe idirghabhálacha SRT seachas eisíocaíocht ("idirbhearta P&A"), ar bhonn modheolaíochta tástála is lú costas a bheadh sainmhínithe go soiléir. Bhí tuairimí éagsúla ag na Ballstáit maidir leis an bpríomhcheist i ndáil le córas leachtaithe bainc an Aontais a thabhairt isteach i gcás na mbanc le measúnú diúltach ar leas an phobail: mheas roinnt Ballstát, BCE agus BRA go raibh buntáistí ag baint le cur chuige den sórt sin ós rud é gur mheas siad nach iomchuí na rialacha atá ann faoi láthair faoin Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc do bhainc bheaga a ghlacann taiscí. D'áitigh na Ballstáit sin agus BCE, go háirithe, go mbeadh sé deacair na bainc sin a thabhairt faoi raon feidhme an chreata réitigh, ós rud é nach bhfuil rochtain ag an gcuid is mó acu, nó rochtain teoranta, ar na margaí caipitil a theastaíonn chun íoscheanglas leordhóthanach le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe a fhorbairt do straitéis réitigh. Dar leo, cheadódh córas leachtaithe bainc de chuid an Aontais go bhféadfaí cur chuige comhréireach a ghlacadh, lena n-áiritheofaí neodracht ag an am céanna maidir le samhlacha éagsúla gnó.

Mheabhraigh Ballstáit eile, áfach, cuspóir bunaidh an aontais baincéireachta, *all classes of institutions are resolvable irrespective of their size and interconnectedness* [tá gach aicme institiúide inréitithe beag beann ar a méid agus ag a n-idirnascthacht] (Conclúidí ó Ecofin, mí naNollag 2010). Mheas na Ballstáit sin go raibh na huirlisí go léir a theastaíonn chun réiteach na mbanc a éascú — na bainc bheaga san áireamh — i bhfeidhm cheana féin sa bhosca uirlisí réitigh (amhail an uirlis díolta gnó nó droicheadbhanc). Chun cur i bhfeidhm sa chleachtas uirlisí den sórt sin a cheadú do bhainc bheaga, thacaigh na Ballstáit sin le **léirmhíniú níos leithne ar an measúnú ar leas an phobail**, mar a mholtar sa pháipéar leathoifigiúil comhpháirteach ó FI, FR agus NL, tuairim atá níos comhleanúnaí leis an tuairim a léirigh roinnt Ballstát go mbeadh rioscaí ann fiú le cliseadh na mbanc beag don chobhsaíocht airgeadais, do leanúnachas feidhmeanna criticiúla, agus do chosaint taiscí agus rochtain orthu. Ina dhiaidh sin, ba cheart na bainc eile ag a bhfuil measúnú diúltach ar leas an phobail a bheith faoi réir foirceanta de réir córais náisiúnta dócmhainneachta gan a bheith in ann idirghabhálacha arna maoiniú ag an SRT náisiúnta a úsáid seachas eisíocaíocht (i.e. idirbhearta P&A). Ós rud é gur shoiléirigh BRA, mar an t-údarás réitigh atá freagrach as an measúnú ar leas an phobail a chur i bhfeidhm ar na bainc is mó agus is sistéamaí agus ar ghrúpaí trasteorann áirithe atá ag feidhmiú san aontas baincéireachta, gurb í an straitéis réitigh do bheagnach gach banc atá faoina chúram: réiteach agus ní dócmhainneacht faoi na córais náisiúnta. Thairis sin, soiléiríodh go dtugann an córas atá ann faoi láthair dóthain solúbthachta chun aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar gach cás.

A mhéid a bhaineann leis an tástáil is lú costas, d'aontaigh beagnach gach Ballstát go raibh gá le modheolaíocht níos mionsonraithe chun cothrom iomaíochta níos éifeachtaí san Aontas a áirithiú, mar a mholtar sa pháipéar leathoifigiúil ón Uachtaránacht. Chuir roinnt Ballstát in iúl, áfach, go raibh inní orthu faoi chostais indíreacha a áireamh, fiú dá mbeadh na costais sin faoi réir uasteorainneacha agus critéir oibiachtúla arna leagan síos mar chuid de mhodheolaíocht chuimsitheach. Dar leo, chuirfeadh costais indíreacha le castacht na modheolaíochta. D'áitigh siad freisin gur ar mhaithe le húsáid méadaithe cistí SRT a éascú, chun éilimh thar thaiscí faoi chumhdach, a dhéanfaí eilimintí costais den chineál sin a áireamh, agus go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith aige sin ar chistí SRT. Ina theannta sin, bhí roinnt Ballstát i bhfabhar rangú *pari passu* a thabhairt isteach i gcás gach taisce (faoi chumhdach agus gan chumhdach), toisc go leathnódh sé sin an raon feidhme do SRTanna chun idirbhearta P&A a mhaoiniú. Mheas a lán Ballstát, áfach, go mbeadh sé sin díobhálach don chuspóir cistí SRT a chosaint. D'áitigh siad gur réamhchoinníoll é rangú fabhrach SRT chun athmhaoiniú iomchuí iontaofa a dhéanamh ar SRT, agus ar an gcaoi sin creidiúnacht an chórais a chosaint.

A mhéid a bhaineann le **rialachas**, bhí comhaontú ginearálta i measc na mBallstát go mbeadh gá le cumhachtaí riaracháin poiblí chun uirlisí nua amhail idirbhearta P&A a thabhairt isteach, ar cumhachtaí iad a d'fhéadfaí a dheonú d'údarás poiblí ar an leibhéal náisiúnta (an t-údarás náisiúnta réitigh, mar shampla). Chuir BRA in iúl freisin go mbeadh sochair shoiléire ann dá ndéanfaí cumhachtaí leachtaithe riaracháin a shannadh d'údarás poiblí lárnach de chuid an Aontais le cistí Eorpacha, ag foghlaim ó thaithí na Stát Aontaithe. Luadh freisin gur gá dúbláil saineolais a sheachaint ar mhaithe le héifeachtúlacht. Chuir roinnt Ballstát in iúl go raibh inní orthu faoi rannpháirtíocht BRA fad is a bheidh acmhainní airgeadais SRTanna fós náisiúnta. Bhí siad i gcoinne aon bhaint a bheith ag BRA sa chinneadh deiridh, mar, dar leo, ba cheart an chumhacht cinnteoireachta a bheith ar an leibhéal ar a n-íoctar na costais. Bhí Ballstáit eile i bhfabhar ról níos láidre a bheith ag BRA, áfach. D'áitigh siad dá dtabharfaí isteach modheolaíocht is lú costas mionsonraithe go mbeadh sé inmhianaithe go ndéanfadh údarás lárnach Eorpach comhordú agus maoirseacht ar a cur i bhfeidhm comhsheasmhach.

Dhírigh **cur i láthair EFDI** ar ghnéithe teicniúla na tástála **is lú costas, mar a leagtar síos in Airteagal 11(6) den Treoir maidir le Scéimeanna Ráthaíochta Taiscí** ("bearta malartacha"). De ghnáth, bíonn na nithe seo a leanas ar áireamh sa tástáil: (i) réamhaisnéis ar thoradh na n-imeachtaí dócmhainneachta agus ar na cailiteanais atá le hiompar ag SRT; (ii) meastachán ar chostais gach birt mhalartaigh atá ar fáil; agus (iii) an beart is indéanta a roghnú, bunaithe ar chéimeanna (i) agus (ii). Baineadh de thátal as EFDI gur cheart do mhodheolaíocht na tástála is lú costas a bheith cruinn agus cothrom. Chomh maith le costais dhíreacha, ba cheart costais indíreacha a chur san áireamh freisin. Dar leis an EFDI, tá tacaíocht láidir ag sárthosaíocht taiscí faoi chumhdach agus éilimh SRT ó gach SRT san Aontas (nach mór) mar go n-áirítear léi an íosmhéid cailiteanas do SRT. Sa chomhthéacs sin, thug EFDI dá aire freisin, gan an sárthosaíocht sin, gur lú go mór a bheadh beachtas an mheastacháin ar an gcás frithfhíorasach i roinnt mhaith cásanna, mar thoradh ar an sampla méadaithe d'éilimh a bheidh le cur san áireamh.

Thug **an Uachtaránacht** dá haire an plé idir na Ballstáit. Ar an iomlán, thángthas ar chomhaontú nach bhfuil an staid reatha san aontas baincéireachta sásúil agus nach mór athruithe a chur ar an gcreat, trí shraith ar leith rialacha do bhainc a bhfuil measúnú diúltach ar leas an phobail acu, nó trí léirmhíniú níos leithne ar an measúnú ar leas an phobail, nó le meascán den dá rud.

Dheimhnigh an Coimisiún go ndéanfar measúnú ar na saincheisteanna sin uile mar chuid den athbhreithniú ar an gcreat bainistithe géarchéime agus árachais taisceora atá ar na bacáin (féach Roinn 3).

II.2 Comhtháthú margaidh

Ag an **tríú cruinniú a bhí ag AHWP an 12 Deireadh Fómhair**, chuir an Uachtaránacht dhá rogha i láthair maidir leis an mbealach chun comhtháthú níos fearr a bhaint amach i margadh baincéireachta an Aontais. Phléigh an grúpa an chaoi a bhféadfaí leithdháileadh níos solúbtha caipitil a bhaint amach laistigh de ghrúpaí baincéireachta ar fud an aontais baincéireachta, agus coimircí leormhaithe a thabhairt isteach do thíortha óstacha ag an am céanna. D'aithin an Uachtaránacht gur ghá a áirithiú, i gcás ina mbeadh teagmhais dhíobhálacha ann, go ndéanfaí caipiteal a chur ar fáil d'fhochuideachtaí sna tíortha óstacha, is cuma cá raibh sé sa ghrúpa roimhe sin.

Leis an bpáipéar leathoifigiúil ón Uachtaránacht, beartaíodh dhá rogha fhéideartha chun an cuspóir thuas a bhaint amach. Le Rogha 1, thabharfaí isteach **tarscaoileadh trasteorann caipitil i dteannta le coimircí reachtúla** (éileamh athchaipitlithe) d'fhochuideachtaí. D'áiritheofaí leis sin go ndéanfadh an máthaireintiteas an fhochuideachta a athchaipitliú i gcás ina léireodh trucir réamhchinntithe go raibh staid airgeadais an mháthaireintis nó na fochuideachta ag dul in olcas. Le Rogha 2, thabharfaí isteach **sásra cascáide** lena gcinnfí (*ex ante*) i dtéacs leibhéal 1 an roinnt cailteanais laistigh den ghrúpa baincéireachta i gcás réitigh nó leachtaithe faoi ghnáthnósanna imeachta dócmhainneachta.

Leag grúpa de 12 Bhallstát, ar bhonn pháipéar leathoifigiúil comhpháirteach tiomnaithe agus tacaíocht acu ó Bhallstáit eile, béim ar an tábhacht a bhaineann leis an gchothromaíocht bhaile-óstach agus ar na comhaontuithe ar thángthas orthu le déanaí i ndáil leis sin. Leag siad béim go háirithe ar ról tábhachtach na gceanglas stuamachta aonair maidir le taisceoirí agus an chobhsaíocht airgeadais a chosaint, na scéimeanna réitigh agus an beartas micreastuamachta agus macrastuamachta a oibríochtú, agus maidir le cothrom na Féinne agus cistiú an fhíorgheilleagair a áirithiú. Molann na Ballstáit sin, dá bhrí sin, féachaint ar na bacainní neamhstuamachta ar chomhtháthú margaidh.

Tháinig sé chun solais le linn an phlé gur mheas roinnt Ballstát gur bhonn indéanta é Rogha 1 don phlé amach anseo, ar choinníoll go dtiocfaí ar chothromaíocht inghlactha idir sreabhadh solúbtha caipitil agus coimircí iomchuí, ach gur mheas grúpa mór Ballstát nár leor na coimircí atá san áireamh sa rogha seo chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair inní a bhí acu. Go suntasach, cuireadh inní in iúl maidir le héifeachtacht sásra um chearta a éileamh, go háirithe le linn géarchéime nuair a d'fhéadfadh in-fhorfheidhmitheacht an tsásra a bheith lag. Bhí amhras ar na Ballstáit sin maidir leis an tairbhe a bhainfeadh leis an tsolúbthacht is mó is féidir a bheith ann maidir le leithdháileadh caipitil.

Maidir le Rogha 2, leag na Ballstáit béim ar a chasta atá sí, ar an tréimhse níos faide a bhaineann lena cur chun feidhme agus ar na réamhriachtanais fhéideartha is gá (i.e. comhchuibhiú ordlathas na greidiúnaithe). Cháin Ballstáit amháin an tacaíocht neamhshiméadrach a meastar a thabharfaidh an máthaireintiteas dá fhochuideachtaí agus ní a mhalairt. Thug grúpa na 12 Bhallstát dá n-aire, mar sin féin, go n-ardaítear ceist thábhachtach le Rogha 2, i.e. comhroinnt dualgas i measc chreidiúnaithe ghrúpa baincéireachta, ar ábhar mór inní é sa chothromaíocht bhaile-óstach.

Ina theannta sin, chuir roinnt Ballstát in iúl gur ghá an plé a leathnú chun ní hamháin caipiteal a chumhdach ach bearta leachtachta agus réitigh a chumhdach freisin, chun níos mó soiléireachta a chur ar fáil maidir le tionchar na roghanna éagsúla. Mhínigh na Ballstáit sin agus Ballstáit eile go bhféadfaí bearta eile a chur chun feidhme i gcéimeanna beaga chun comhtháthú margaidh a fheabhsú, bunaithe ar na féidearthachtaí atá ann cheana agus trí anailís a dhéanamh ar an gcúis nach mbaintear úsáid astu sa chleachtas (e.g. tarscaoiltí leachtachta). Mhol Ballstát amháin go bhféadfadh cóimheasa stuamachta na bhfochuideachtaí a bheith faoi réir leasuithe spriocdhírthe ionas gur féidir déileáil níos fearr le sreabha caipitil inghrúpa, MREL inmheánach agus leachtacht; lena chois sin, d'fhéadfaí modheolaíocht cholún 2 a shoiléiriú mar chúiteamh ar éagsúlú geografach i ngrúpaí. Thagair BCE d'fhoilsiú blagphoist phearsanta le Andrea Enria agus Edouard Fernandez-Bollo maidir le comhtháthú trasteorann na ngrúpaí baincéireachta san Aontas Baincéireachta, ina raibh moltaí nithiúla chun leithdháileadh éifeachtúil acmhainní leachtachta sna grúpaí baincéireachta a chothú agus, dar leis na húdair, coimircí leordhóthanacha a thabhairt do na húdaráis óstacha san am céanna.

Thug an **Uachtaránacht** dá haire na tuairimí a cuireadh in iúl le linn an phlé, chuir sí an Mheitheal Ardleibhéil ar an eolas ag an gcruinniú a bhí aici an 13 Samhain, agus mhol sí breis oibre teicniúla/athbhreithnithe chun measúnú a dhéanamh ar na baic atá ar úsáid na bhforálacha atá ann cheana (eadhon tarscaoiltí leachtachta).

II. 3. Láimhseáil rioscaí ceannasacha

Pléadh láimhseáil rialála na neamhchosaintí ceannasacha (RTSE) ag cruinniú an 12 Deireadh Fómhair. Ar iarraidh ón gCathaoirleach, chuir an Coimisiún i láthair tionchar na roghanna éagsúla chun muirir chaipitil a chur chun feidhme, arna ríomh ar bhonn sonraí nuashonraithe ón Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) a théann go R2 2020. Bhí formhór na roghanna sin bunaithe ar riosca comhchruinnithe.

Is é is aidhm do mhuirir chaipitil riosca ceannasach a mhaolú trí bhíthin cur chun feidhme de réir a chéile na n-uailithe riosca maidir le neamhchosaintí thar thairseacha comhchruinnithe éagsúla agus trí bhíthin dreasachta chun an phunann ceannasach a éagsúlú. Léiríodh san anailís tionchair a rinne an Coimisiún, bunaithe ar shonraí atá ann cheana, go bhfuil méadú tagtha ar leibhéal iomlán neamhchosaintí ceannasacha na mbanc. Léiríodh san anailís freisin, sa plé a rinneadh ar thrí pharaiméadú RTSE, go bhfuil an tionchar is lú ag calabrú Choiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht agus an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais ar chaipiteal leibhéal 1 ar an leibhéal comhiomlán, ach go bhfuil tionchar calabrú an Rialacháin maidir le Muirir ar Chomhchruinniú Ceannasach (SCCR) i bhfad níos mó.

Ó thaobh rialála de, chuir na Ballstáit tuairimí éagsúla aitheanta in iúl maidir le muirir chaipitil. D'áitigh roinnt Ballstát gur cheart leanúint den obair agus gur cheart roghanna éagsúla maidir le haghaidh a thabhairt ar riosca ceannasach trí mhuirir chaipitil (riosca comhchruinnithe agus creidmheasa) a fhágáil ar an gelár. Chuir na Ballstáit sin i dtreis go bhfuil an obair sin ríthábhachtach chun tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le comhlánú an Aontais Baincéireachta agus go bhfuil riosca ag gabháil leis na sócmhainní sin ar cheart a láimhseáil amhail gach sócmhainn eile sa chreat stuamachta. Chuir na Ballstáit i dtreis gur féidir láimhseáil stuamachta rioscaí ceannasacha a cheapadh ar bhealach inbhainistithe nach mbeidh tionchar aige ar chobhsaíocht airgeadais. Léiríodh é sin freisin san anailís ar éifeacht a rinne an Coimisiún, mar nach raibh ach tionchar measartha ag COVID-19 suas go R2 2020 faoi na calabruithe éagsúla.

Chuir na Ballstáit eile i gcoinne muirir chaipitil nó bhí drogall orthu athruithe a thabhairt isteach. Dúirt roinnt Ballstát gur cheart aon tionscnaimh RTSE a bheith ar aon dul cuid mhaith leis na caighdeáin idirnáisiúnta mar a mhol Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht. Leag na Ballstáit sin béim ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le láimhseáil rialála na neamhchosaintí ceannasacha tráth géarchéime, go háirithe faoi Aontas Baincéireachta neamh-chomhlánaithe. Mheas Ballstáit eile nárbh iomchuí leanúint den phlé ar an ábhar sin go dtí go dtabharfaí aghaidh ar thionchar ghéarchéim COVID-19, toisc go raibh inní orthu go dtabharfaí teachtaireachtaí bréagnaitheacha don tionscal baincéireachta, a bhfuil ról tábhachtach aige sa tacaíocht fhoriomlán a thugtar don fhíorgheilleagar, i ngeall ar an bplé sin. Ina theannta sin, luaigh roinnt de na Ballstáit a bhí i gcoinne muirir chaipitil nár cheart go mbeadh idirdhealú idir na Ballstáit bunaithe ar riosca creidmheasa mar thoradh ar an gcur chuige a pléadh.

Ina theannta sin, chuir roinnt Ballstát nach bhfuil sa limistéar euro agus roinnt Ballstát a bhfuil a margáí caipitil níos lú nó lagfhorbartha a n-inní in iúl maidir le cumas a gcóras baincéireachta a sealúchais neamhchosaintí ceannasacha a éagsúlú agus maidir leis an tionchar a bheadh ag aon athruithe ar mhargáí na mbannaí ceannasacha agus ar an gcobhsaíocht airgeadais. Chuir roinnt Ballstát a dtuairim láidir in iúl an athuir i gcoinne an drochthionchair a d'fhéadfadh a bheith ag aon athruithe ar RTSE ar fhiachas rialtais, fiú dá gcuirfí chun feidhme de réir a chéile iad, agus thug siad dá n-aire go raibh na hábhair inní sin níos ábhartha fós i bhfianaise na ndálaí margaidh tar éis phaindéim COVID-19. Bhí roinnt Ballstáit i bhfabhar athbhreithniú a dhéanamh ar ranníocaíochtaí rioscabhunaithe chuig SEÁT, agus sin amháin, agus d'áitigh siad gur ghá féilire agus ord iomchuí a leagan síos maidir leis na heilimintí uile a mbeadh gá leo chun an t-aontas baincéireachta a chur i gcrích. Mar sin féin, i gcás na mBallstát a bhí ar son RTSE, níor leor na ranníocaíochtaí rioscabhunaithe arna gcalabhrú le haghaidh riosca ceannasach ar bhonn neamhspleách.

Chomhaontaigh an Coimisiún gur ghá tuilleadh oibre a dhéanamh chun srianta sonraí a sháru, go háirithe i gcás na mbanc beag, agus chun tionchar na scéimeanna ráthaíochta poiblí ar iasachtaí bainc a sheiceáil.

D'aithin an **Uachtaránacht** nach raibh na Ballstáit ar aon intinn maidir le láimhseáil rialála na neamhchosaintí ceannasacha fós. Thug an Uachtaránacht dá haire freisin go raibh gá le measúnú a dhéanamh ar thionchar na dtograí ar mhargaí agus bainc bheaga, lena n-áirítear i gcás na mBallstát nach bhfuil sa limistéar euro, agus chomhaontaigh sí gur ghá tuilleadh anailíse a dhéanamh a bheidh mar bhonn eolais don phlé amach anseo. Chumhdófaí leis an anailís sin freisin tionchar na dtograí ar sholúbthacht airgeadais na mBallstát i gcás ina mbeadh géarchéim cosúil le COVID ann amach anseo. D'aithin an Uachtaránacht go mbeadh gá le cleachtadh tiomnaithe bailithe sonraí chun tuilleadh anailíse a dhéanamh. Chuir roinnt Ballstát in iúl go raibh drogall orthu leanúint leis an gcleachtadh sa staid reatha, áfach, i bhfianaise an ualaigh oibríochtúil a bheadh ar na bainc dá bharr sin. D'iarr an Uachtaránacht ar an gCoimisiún, agus ar an Údarás Baincéireachta Eorpach, leanúint dá anailís, agus an méid thuasluaite á chur san áireamh.

II.4 SEÁT

Bailiú sonraí an Choimisiúin

An **12 Deireadh Fómhair**, thug AHWP dá aire an **cleachtadh bailithe sonraí a rinneadh chun tacú le forbairt na modheolaíochta chun ranníocaíochtaí rioscabhunaithe faoi SEÁT a ríomh**. Chuir an Coimisiún forléargas i láthair ar an gcleachtadh bailithe sonraí is déanaí, a tugadh chun críche i mí Feabhra 2020. Níl na sonraí a bailíodh maidir le táscairí áirithe fós comhlánaithe. Mar sin féin, beidh na sonraí sin ina mbonn suntasach don obair theicniúil a dhéanfar amach anseo agus éascófar leo díospóireacht eolasach maidir le sonraíochtaí na modheolaíochta, lena n-áirítear modh um chomhiomlánú agus rogha na dtáscairí riosca.

Le linn an chruinnithe, mar shampla, d'ardaigh roinnt Ballstát saincheisteanna maidir leis an tacar táscairí riosca a léiríodh in anailís an Choimisiúin. Chuir roinnt Ballstát an cheist an bhféadfaí an íoscheanglas atá ann le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe (MREL) a chur san áireamh sa ríomh i bhfianaise na hilchineálachta i méideanna na mbanc. Bhí amhras ar Bhallstáit agus institiúidí eile freisin maidir leis an modheolaíocht, mar shampla, maidir le dlíthiúlacht mhodheolaíocht an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh i bhfianaise an rialaithe ó Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh i ndáil leis na ranníocaíochtaí leis an gCiste Réitigh Aonair (CRA) a leag an Bord Réitigh Aonair (BRA) síos. Ina theannta sin, chuir roinnt Ballstát in iúl go raibh gá le táscairí sonracha do rioscaí ceannasacha, amhail táscairí a forbraíodh ar bhonn rátála tíortha. . Chuir roinnt Ballstát i dtreis, dá ndéanfaí cinneadh ina leith siúd, gur rogha mhalartach ar láimhseáil neamhchosaintí ceannasacha a bheadh i gceist, ní comhlánú ar láimhseáil neamhchosaintí ceannasacha. Chinn an Uachtaránacht go mbeadh sé tábhachtach measúnú a dhéanamh ar fhéidearthacht theicniúil táscairí breise a chur san áireamh ós rud é go bhféadfadh sampla níos leithne táscairí dul chun tairbhe na hanailíse foriomláine.

Leag an Coimisiún béim ar a thábhachtaí atá an obair leantach ar bhailiú sonraí agus ar dhearbhu cáilíochta gaolmhar ar nós na sonraí MREL a tuairiscíodh. A luaithe a bheidh an obair sin tugtha i gcrích, cuirfidh an Coimisiún tús leis an measúnú féidearthachta teicniúla, lena n-áirítear trí tháscairí nua a d'fhéadfadh a bheith ann a thástáil, gan bac a chur roimh ré ar na roghanna polaitiúla/beartas atá ag brath freisin ar cheapadh foriomlán an Aontais Baincéireachta.

D'iarr an **Uachtaránacht** ar an gCoimisiún iarrataí na mBallstát a chur san áireamh agus anailís á cur ar fáil aige amach anseo maidir le dearadh na modheolaíochta chun ranníocaíochtaí rioscabhunaithe a ríomh.

An suirbhé ón gCoimisiún maidir leis an tsamhail hibrídeach

An **19 Samhain**, phléigh an Mheitheal Ad Hoc na paraiméadair a bheidh ag an 'samhail hibrídeach' de SEÁT a thíolaic Uachtaránacht na hOstaire ar dtús i mí Iúil 2018. Is ar an gcoincheap go bhféadfadh ciste lárnach agus acmhainneacht iasachtaithe shainordaithe idir scéimeanna náisiúnta ráthaithe taiscí a bheith ar an bhfód ag an am céanna. Leis an gciste lárnach, chuirfí tacaíocht leachtachta ar fáil do SRT is tairbhí, ach a mbainfeadh an SRT sin úsáid as a chistí uile féin (scéim tacaíochta leachtachta"). Dá mbeadh an ciste lárnach folamh ag an am a mbeadh gá le hidirghabháil, d'fhéadfadh BRA, thar ceann an chiste lárnaigh, iasacht a fháil ó na SRTanna náisiúnta trí shásra iasachtaithe shainordaithe.

D'fhéadfadh dearáí éagsúla a bheith ag an tsamhail hibrídeach, ag brath ar chinntí polaitiúla maidir le calabrú roinnt paraiméadar amhail leithdháileadh cistí idir an ciste lárnach agus na SRTanna náisiúnta nó ar mhéid na gcaidhpeanna ar an tacaíocht leachtachta. Chuir an Coimisiún toradh an **tsuirbhé** i láthair ag an gcrúinniú a bhí ag an Meitheal Ad Hoc i mí Iúil.

Ar bhonn ginearálta, léiríodh sa suirbhé sin an éagsúlacht a bhain le tuairimí na bhfreagróirí ar gach aon ghné a bhí faoi chaibidil ann, agus mar sin de ní mór tuilleadh plé teicniúil a dhéanamh. Níl difear idir na ceisteanna a ardaíodh i gcomhthéacs na samhla seo agus na cinn a ardaíodh faoin mbunshamhail. D'athdhearbhaigh na Ballstáit freisin go mbeadh a seasamh maidir leis na gnéithe dearaidh éagsúla ag brath ar na forbairtí a d'fhéadfadh a dhéanamh amach anseo ar an gcreat dlíthiúil foriomlán maidir le bainistiú géarchéime agus ar fheidhmiú na SRTanna go háirithe. A mhéid a bhaineann leis an gcuspóir deiridh, d'athdhearbhaigh cuid de na Ballstáit a thábhachtaí atá sé SEÁT lánfheidhme a bheith ann (i.e. ciste frithpháirtithe a bhfuil lánchumhdach cailleanais aige, mar a fhoráiltear dó i dtogra 2015 ón gCoimisiún). Dúirt Ballstáit eile ina choinne sin, agus Treochlár mhí an Mheithimh 2016 á mheabhrú dóibh, go mbíonn aon chinnteoireacht pholaitiúil maidir le gnéithe de chomhárachais taisce ag brath ar bhearta a dhéanamh chun riosca a laghdú a thuilleadh, agus gur srathair in áit na diallaite, i dtaca le laghdú riosca, gnéithe dearaidh na samhla hibrídí.

Ní raibh na Ballstáit ar aon intinn maidir le cistí a leithdháileadh idir an ciste lárnach agus na SRTanna náisiúnta. Is ar comhlíon le chéile, a bheag nó a mhór, na Ballstáit a bhí i bhfách le gach ceann de na trí rogha os a gcomhair, is iad sin i) ciste lárnach mór agus SRTanna náisiúnta teoranta, ii) ciste lárnach teoranta agus SRTanna náisiúnta móra agus iii) leithdháileadh cothrom na gcistí. Ina theannta sin, dhearbhaigh Ballstát amháin go mbeadh leithdháileadh na n-acmhainní idir an ciste lárnach agus na SRTanna náisiúnta ag brath go mór ar chomharduithe arda sealadacha a bheith clúdaithe, chomh maith leis an gcaoi a gcaitear le heintitis nach eintitis CRR iad laistigh den chreat nua.

Rinne beagnach gach Ballstát argóint ar son caidhp a thabhairt isteach maidir leis an iasachtú sainordaitheach chun an acmhainneacht airgeadais a chosaint; bhí tromlach beag de na Ballstáit a bhí i bhfách le caidhp ar an gciste lárnach a thabhairt isteach.

Maidir leis na téarmaí creidmheasa, bhí formhór na mBallstát ar son rátaí úis a thabhairt isteach ar na hiasachtaí as an gciste lárnach. Ní raibh na Ballstáit ar aon intinn faoi aibíocht na n-iasachtaí ach bhí claonadh ag an bhformhór acu aibíocht os cionn 5 bliana a mholadh.

Maidir le raon feidhme na hidirghabhála, rinne roinnt freagróirí argóint ar son raon feidhme srianta ina ndíreofaí ar íocaíocht amach agus ranníocaíocht le réiteach ach d'áitigh Ballstáit eile go mbeadh an raon feidhme níos leithne. I measc na mBallstát sin bhí cuid acu i bhfách le bearta a mhaoineofaí faoi Airteagail 11(3) agus 11(6) an Treoir maidir le SRTanna ('clisté a chosc', 'bearta malartacha') a chur isteach, ach bhí roinnt Ballstát i gcoinne bearta coiscthe clisté a chumhdach. Dúirt Ballstát amháin go mbeadh comhréiteach polaitiúil maidir le SEÁT níos deacra dá gcuirfí na bearta sin isteach. Ní raibh na Ballstáit ar aon tuairim ach oiread faoi shaincheist na Scéimeanna Cosanta Institiúideacha sin a aithnítear mar SRTanna. Níor áitigh ach cúpla Ballstát gur cheart na bearta coiscthe clisté sna Scéimeanna Cosanta Institiúideacha a chumhdach faoi SEÁT. D'aontaigh roinnt Ballstát gur féidir cineál éagsúil agus próifíl íseal riosca na scéimeanna Cosanta Institiúideacha a léiriú trí fhachtóirí lascaine a úsáid sna ranníocaíochtaí le SEÁT. I bhfianaise phríomhfheidhm na Scéimeanna Cosanta Institiúideacha, a chuimsítear faoi Airteagal 113(7) in CRR, agus 'prionsabal na costneodrachta'³, rinne Ballstát amháin argóint, ina chuid barúlacha i scríbhinn, ar son Scéimeanna Cosanta Institiúideacha a fhágáil amach as raon feidhme na samhla hibridí nó eisceachtaí lena léirítear a gcás sonracha a cheadú.

³ 'Is príomhphrionsabal é nach méadófaí le haon chéim de SEÁT, na costais fhoriomlána a thitfeadh ar earnáil na baincéireachta, le háis na n-oibleagáidí atá ann faoi láthair faoi Threoir 2014 maidir le SRTanna.' Teachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Towards the completion of the Banking Union* [I dtreo chomhlánú an Aontais Baincéireachta].

Le linn an phlé maidir le heintitis nach eintitis CRR iad, chuir na Ballstáit dhá bharúil in iúl: Bhí roinnt freagróirí i bhfách leis na heintitis sin a chur isteach (agus roinnt coinníollacha ag gabháil leo, áfach), ionas nach ndéanfaí idirdhealú idir taisceoirí sa Mhargadh Inmheánach agus go seachnófaí 'córas dhá leibhéal'. D'iarr Ballstáit eile go ndéanfaí an raon feidhme a ailíniú go docht leis an sásra aonair maoirseachta ar son na comhsheasmhachta rialála agus na córa combhionainne. I dtaca le roghanna agus discrídí náisiúnta, thacaigh tromlach beag de na freagróirí ar an suirbhé go bhfaighfí an maoiniú ón scéim tacaíochta leachtachta.

Maidir le conair a d'fhéadfadh a bheith ann ionsar roinnt cailteanas, ní raibh na Ballstáit ar aon intinn. Chuir roinnt Ballstát in iúl nach bhféadfadh a bheith i gceist leis an tSamhail Hibrideach ach céim eatramhach ar an mbealach chun SEÁT iomlán a bhunú (le cumhdach cailteanais 100%). Ba é a dúirt Ballstáit eile nár cheart aon fhrithpháirtiú a bheith sa tsamhail hibrideach, é sin nó gur cheart an roinnt cailteanas a bheith faoi réir coinníollacha soiléire nó cinntí polaitiúla.

Thug an **Uachtaránacht** dá haire na tuairimí a cuireadh in iúl le linn an phlé agus chuir sí an Grúpa Ardleibhéil Saineolaithe ar an eolas fúthu ag an gcruinniú a bhí aige an 24 Samhain.

III. Athbhreithniú an Choimisiúin ar an gcreat bainistíochta géarchéime banc agus árachais taiscí

Ag cruinniú an **19 Samhain**, chuir an Coimisiún i láthair an treochlár maidir le hathbhreithniú an chreata bainistíochta géarchéime banc agus árachais taiscí a foilsíodh an 11 Samhain. Díritear san athbhreithniú ar na trí théacs reachtacha de chuid an Aontais atá i bhfeidhm faoi láthair – an Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc, Rialachán SRA, agus an Treoir maidir le SRTanna. Ar bhonn an athbhreithnithe sin agus measúnú tionchair cuimsitheach tá rún ag an gCoimisiún togra reachtach nithiúil a chur ar fáil faoin ráithe dheiridh de 2021.

Ag tacú leis an athbhreithniú bhí roinnt Ballstát, BCE agus BRA. Chuir roinnt Ballstát in iúl, áfach, go raibh imní orthu agus bhí ceisteanna acu. Léirigh Ballstát amháin, mar shampla, go raibh aiféala air nár áiríodh na rialacha maidir le státhabhair san athbhreithniú, agus d'áitigh sé go n-áiritheofaí go fóill iad. Bhí Ballstát eile ann a leag béim ar a thábhachtaí a bheadh sé creat SRT a choinneáil lena n-áiritheofaí an leibhéal céanna cosanta taisceora, ar a laghad, agus a chuirtear ar fáil faoin gcreat atá ann faoi láthair. Ina theannta sin, bhí Ballstát amháin ann a raibh amhras air an raibh na sainorduithe a leagtar amach sa Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc, i Rialachán SRA, agus sa Treoir maidir le SRTanna leathan go leor chun tionscnamh a bheadh chomh cuimsitheach sin. Chun freagra a thabhairt ar an gceist faoin gcaoi a gcomhtháthófar 'sásra árachais taiscí comhchoiteann' (SEÁT) san obair fhoriomlán, mhínigh an Coimisiún go dtabharfadh an measúnú tionchair aghaidh ar shásra árachais taiscí comhchoiteann a chruthú chomh maith mar chuid de chur i gcrích an Aontais Baincéireachta.

Thug an **Uachtaránacht** dá haire an plé maidir leis an athbhreithniú ar an gcreat bainistithe géarchéime banc agus árachais taiscí.

IV. Faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le laghdú riosca – gníomhaíochtaí chun dul i ngleic le hiasachtaí neamhthuillmheacha san Eoraip

Ag cruinniú na Meithle Ad Hoc an 19 Samhain, thug an Uachtaránacht forléargas ar ghníomhaíochtaí lena rachfar i ngleic le fadhb na n-iasachtaí neamhthuillmheacha san Eoraip. Mar fhreagairt ar Phlean Gníomhaíochta ECOFIN 2017 le dul i ngleic le hiasachtaí neamhthuillmheacha⁴, chuir an Coimisiún a phacáiste iasachtaí neamhthuillmheacha chun cinn i mí an Mhárta 2018. Ghlac na comhrechtóirí an rialachán maidir leis an gcúlstop stuamachta agus tháinig sé i bhfeidhm in Aibreán 2019⁵. Ina theannta sin, thug BCE, ÚBE, BRA agus BERS gnéithe éagsúla den Phlean Gníomhaíochta i gcrích ar gnéithe laistigh dá sainchúram iad. Ar a bharr sin, thionscain agus chumasaigh na Ballstáit gníomhaíochtaí tábhachtacha ar an leibhéal náisiúnta.

⁴ <https://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2017/07/11/conclusions-non-performing-loans/>

⁵ RIALACHÁN (AE) 2019/630 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an 17 Aibreán 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mhéid a bhaineann le cumhdach cailleanais íosta le haghaidh risíochtaí neamhthuillmheacha, IO L 111/4, 25.4.2019.

In ainneoin an mhéid sin a bhaint amach, tá cóimheasa na n-iasachtaí neamhthuillmheacha fós ar leibhéal arda laistigh de roinnt Ballstát agus tá éagsúlachtaí sna cóimheasa sin ar fud na mBallstát agus na mbanc. Lena chois sin, tá roinnt príomhghnéithe de Phlean Gníomhaíochta na n-iasachtaí neamhthuillmheacha 2017 fós ar feitheamh. Is den tábhacht go bhfuil an togra le haghaidh Treoir maidir le seirbhíseoirí creidmheasa agus ceannaitheoirí creidmheasa fós á phlé i bParlaimint na hEorpa. Ós rud é go bhféadfadh cur chun feidhme na Treorach sin tacaíocht thábhachtach a chur ar fáil chun dul i ngleic le hiarmhairtí ghéarchéim COVID-19, ba cheart do na comhreachtóirí tús a chur leis an ggeruinniú tríthaobhach a luaithe is féidir. Thairis sin, chuir ÚBE bailchríoch ar an bhfreachnamh tagarmharcála le haghaidh córais dócmhainneachta agus forfheidhmithe iasachtaí. Ba cheart do thoradh an fhreachnaimh tagarmharcála athchóirithe spriocdhírthe ar chreataí forfheidhmithe sna Ballstáit a dhreasú mar a bheartaítear i bPlean Gníomhaíochta 2017.

I bhfianaise thionchar phaindéim COVID-19 ar an ngeilleagar agus na méaduithe féideartha ar mhainneachtain agus iasachtaí neamhthuillmheacha, foilseoidh an Coimisiún teachtaireacht i mí na Nollag ina mbeidh straitéis nua agus gníomhaíochtaí nua lena rachfar i ngleic leis na hiasachtaí neamhthuillmheacha. Ar bhonn na ngnéithe a luaitear thuas, dhíreofaí sa teachtaireacht sin ar bhearta spriocdhírthe in dhá réimse: i) Margaí tánaisteacha a fhorbairt a thuilleadh le haghaidh sócmhainní tochsail agus ii) athchóirithe ar na creataí dócmhainneachta agus aisghabhála fiach a chur chun cinn. Is cuid den straitéis é deireadh a chur le bacainní rialála ar cheannach iasachtaí neamhthuillmheacha agus le baic eile ar fhorbairt margaí tánaisteacha le haghaidh iasachtaí neamhthuillmheacha. D'fhéadfadh cuideachtaí náisiúnta bainistíochta sócmhainní a bheith ar na bearta eile sa bhosca uirlisí chun dul i ngleic le hiasachtaí neamhthuillmheacha. Ina theannta sin, ní mór cáilíocht agus inchomparáideacht na sonraí a fheabhsú le haghaidh sócmhainní tochsail.

Iarrann Uachtaránacht na Gearmáine ar Coreper an tuarascáil seo a thabhairt dá haire, d'fhonn tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ar an obair.

Iarrtar ar Uachtaránacht na Portaingéile, nuair a thiocfaidh siad i gceannas, tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh agus leanúint de bheith ag obair chun an tAontas Baincéireachta a neartú agus aghaidh á tabhairt aici ar shruthanna oibre éagsúla an aontais sin mar a comhaontaíodh i dTreochlár mhí an Mheithimh 2016."